



An Bhruiséal, 6 Meitheamh 2024
(OR. en)

10602/24

LIMITE

JAI 926
MIGR 254
ASIM 51
SOC 416
EMPL 240
EDUC 198
CODEC 1414
IA 134

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	9855/1/24 REV 1
Uimh. an doic. ón gCoim.:	15550/23 + ADD 1
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh - Cur chuige ginearálta

I. CÚLRA

1. An 16 Samhain 2023, mar chuid den Phacáiste Soghluaisteachta Scileanna agus Tallainne, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh¹.

¹ 15550/23 + ADD 1.

2. Is é is aidhm don togra ardán uile-Aontais a bhunú, Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh mar a thugtar air, arb é is aidhm dó earcaíocht idirnáisiúnta a éascú, trí fhostóirí san Aontas a mheaitseáil le cuardaitheoirí poist i dtríú tíortha le haghaidh gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais. Leagtar amach sa togra raon feidhme an chur i bhfeidhm, ollstruchtúr an chórais TF, an struchtúr rialachais, na rialacha do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha agus rannpháirtíocht fostóirí i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus feidhmiú foriomlán Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear soláthar faisnéise agus seirbhísí tacaíochta.
3. Tá an dréachtrialachán bunaithe ar Airteagal 79(2)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (an gnáthnós imeachta reachtach).
4. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 25 Aibreán 2024¹. Chinn Coiste Eorpach na Réigiún gan aon tuairim a thabhairt uaidh maidir leis an togra seo.
5. Phléigh an Mheitheal um Lánpháirtiú, Imirce agus Díbirt (Ligean Isteach) an togra ag na cruinnithe a bhí aici an 6 Nollaig 2023, an 10 Eanáir 2024, an 6 Feabhra 2024, an 8 Márta 2024, an 8 Aibreán 2024, agus an 2 Bealtaine 2024. Phléigh comhairleoirí CGB (IMEX Ligean Isteach) an togra ag an gcruinniú a bhí acu an 30 Bealtaine 2024 agus thángthas ar chomhaontú maidir leis an téacs san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.
6. I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn, le litir an 5 Márta 2024, gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
7. Is ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) atá an phríomhfhreagracht i bParlaimint na hEorpa. Ceapadh Abir Al-Sahlani (Grúpa Renew Europe) mar rapóirtéir.

¹ Níor foilsíodh fós san Iris Oifigiúil í.

II. PRÍOMHGHNÉITHE AN TÉACS COMHRÉITIGH ÓN UACHTARÁNACHT

8. Coimeádadh cineál deonach Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh sa téacs comhréitigh, rud a fhágann go bhfuil rogha ag na Ballstáit a bheith mar chuid di nó gan a bheith. Ba cheart do na Ballstáit leasmhara fógra a thabhairt don Choimisiún 9 mí roimh ré ar a dhéanaí, mar atá molta ag an gCoimisiún (Airteagal 3).
9. I gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún, ní bheidh feidhm uathoibríoch ag an Rialachán a thuilleadh maidir le fostóirí, gníomhaireachtaí oibre sealadaí, gníomhaireachtaí príobháideacha fostaíochta agus idirghabhálaithe sa mhargadh saothair. Is féidir leis na Ballstáit, tráth a thugann siad fógra don Choimisiún go bhfuil sé ar intinn acu a bheith rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, na cineálacha eintiteas a mbeidh cead acu páirt a ghlacadh i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chur in iúl (Airteagail 2 agus 3).
10. Leis an téacs comhréitigh, tugtar isteach freisin an fhéidearthacht tarraingt siar as Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, agus roinnt rialacha agus coimircí ann chun sásra cobhsaí oibríochtúil a áirithiú (Airteagal 3). Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoina gcinneadh 6 mhí ar a dhéanaí roimh an dáta a bhfuil sé beartaithe acu tarraingt siar agus beidh feidhm dá réir sin ag na rialacha atá ann cheana maidir le glanchealú nó glan-aisghabháil cistí a fuarthas ón Aontas.
11. In Airteagal 4, cuireadh in iúl go soiléir nach mbeadh ach fostóirí rannpháirteacha agus eintitis rannpháirteacha eile atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha ina mbeidh an cuardaitheoir poist fostaithe de ghnáth in ann Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a úsáid chun a bhfolúntais a fhoilsiú. Déantar é sin chun cleachtais earcaíochta chothroma a áirithiú agus chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na fostóirí rannpháirteacha agus na heintitis rannpháirteacha eile an reachtaíocht agus an cásdlí atá ann cheana. Ina theannta sin, cuirfear an rochtain atá ag fostóirí rannpháirteacha agus ag eintitis rannpháirteacha eile ar Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ar fionraí, diúltófar í nó déanfar í a tharraingt siar i gcás ina sáraítear dlí agus cleachtas ábhartha an Aontais agus an dlí agus an cleachtas ábhartha náisiúnta, agus mar thoradh air sin, láithreach bonn, ní bheidh a bhfolúntais le feiceáil ar an ardán TF (Airteagail 10 agus 13).

12. In Airteagal 12, beifear in ann cuardaitheoirí poist a fuair tacaíocht chun scileanna a fhorbairt agus a bhailíochtú a earcú trí ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, i gcomhthéacs Comhpháirtíocht Tallainne nó creat náisiúnta arna chomhaontú idir na Ballstáit rannpháirteacha agus na tíortha comhpháirtíochta. Beidh cuardaitheoirí poist in ann a bpróifil a nascadh leis na creataí sin agus déanfar a bpróifil a mharcáil dá réir sin in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Sa chiall sin, níl ‘pas Comhpháirtíochta Tallainne an Aontais Eorpaigh’ mar a mhol an Coimisiún ábhartha a thuilleadh agus níor coimeádadh é sa téacs comhréitigh.
13. Maidir leis na coigeartuithe a rinne na Ballstáit ar liosta na ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán, is féidir le Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh fógra a thabhairt do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faoi na coigeartuithe sin gach 6 mhí seachas uair sa bhliain mar a mhol an Coimisiún ar dtús.
14. Chun gur féidir teacht ar na rialacha ábhartha is infheidhme sna Ballstáit éagsúla go héasca, coimeádtar sa téacs comhréitigh an oibleagáid atá ar na Ballstáit faisnéis a sholáthar ar líne ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a bhaineann le nósanna imeachta earcaíochta, inimirce agus aitheantais (Airteagal 17). A mhéid a bhaineann le cuardaitheoirí poist a roghnaíodh le haghaidh folúntais, ba cheart do Phointí Teagmhála Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faisnéis shonrach a sholáthar maidir le, *inter alia*, nósanna imeachta um athaontú teaghlaigh agus cearta ball teaghlaigh, cearta agus oibleagáidí náisiúnach tríú tír, agus bearta lánpháirtíochta náisiúnta, ach gan an oibleagáid cúnamh pearsantaithe a sholáthar mar gheall ar an ualach riaracháin a d’fhéadfadh a bheith i gceist leis sin.
15. Ar deireadh, le hAirteagal 19 beidh na Ballstáit rannpháirteacha fós in ann nósanna imeachta inimirce luathaithe a chur i bhfeidhm, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Cuireadh le cineál roghnach na bhforálacha sin. Chomh maith leis sin, soiléirítear sa téacs comhréitigh nach dtugtar ráthaíocht leis an roghnú le haghaidh folúntais trí Ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh go n-eiseoidh an Ballstát rannpháirteach cead oibre, víosa nó cead cónaithe.

III. CONCLÚID

16. Measann an Uachtaránacht gur cur chuige cóir agus cothrom é an comhréiteach ina gcuirtear na tuairimí a léirigh tromlach na mBallstát san áireamh.
17. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid a leanas a dhéanamh:
- (a) an comhaontú maidir leis an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn¹ a ghabhann leis an nóta seo, a dhearbhu, agus
 - (b) a mholadh don Chomhairle teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, trí bhíthin nóta maidir le mír 'A' i gceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, le go mbeidh an Uachtaránacht in ann caibidlíocht idirinstitiúideach a sheoladh ar an mbonn sin.
-

¹ Léirítear na modhnuithe a rinneadh ar an togra bunaidh le **cló trom** nó le [...].

2023/0404 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
LENA mBUNAÍTEAR LINN TALLAINNE AN AONTAIS EORPAIGH**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe
Airteagal 79(2), pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁴,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún⁵,

Ag féachaint don tuairim ón Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí⁶,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

⁴ IO C , , lch. .

⁵ IO C , , lch. .

⁶ IO C , , lch. .

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá an tAontas agus na Ballstáit aonair ag tabhairt aghaidh ar ghanntanais i raon leathan earnálacha agus gairmeacha beatha, lena n-áirítear iad siúd atá ábhartha maidir leis an aistriú glas agus maidir leis an aistriú digiteach. Na ganntanais fhairsinge san fhoirgníocht, sa chúram sláinte, san fháilteachas, san iompar, i dteicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus i dteicneolaíocht na heolaíochta, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic, is ganntanais sheanbhunaithe iad agus tá siad níos measa mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus dlús á chur leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. Meastar go leanfar de na ganntanais saothair agus go bhféadfaidh siad dul in olcas i bhfianaise na ndúshlán déimeagrafach.
- (2) Chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair, tá gá le cur chuige cuimsitheach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta lena n-áirítear, mar thosaíocht, acmhainneacht iomlán na ngrúpaí a bhfuil rannpháirtíocht níos ísle sa mhargadh saothair acu a bhaint amach ar bhealach níos fearr, an lucht saothair atá ann cheana a athsciliú agus a uas-sciliú, soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas a éascú, **lena n-áirítear trí úsáid níos fearr a bhaint as Treoir 2003/109 ón gComhairle agus Treoir 2021/1883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle mar aon le líonra EURES**, chomh maith le feabhas a chur ar dhálaí oibre agus ar tharraingteacht gairmeacha áirithe. Mar gheall ar scála reatha na nganntanas sa mhargadh saothair agus na dtreochtaí déimeagrafacha, is dócha nach leor bearta atá dírithe ar an lucht saothair baile agus ar lucht saothair an Aontais amháin chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo. Dá bhrí sin, tá an imirce dhleathach rithábhachtach chun na gníomhaíochtaí sin a chomhlánú agus ní mór di a bheith mar chuid den réiteach chun tacú go hiomlán leis an aistriú dubailte éiceolaíoch agus digiteach.
- (3) Chun earcaíocht idirnáisiúnta a éascú agus chun deiseanna a chur ar fáil do náisiúnaigh tríú tír oibriú i ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais, ba cheart Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a bhunú i bhfoirm ardáin uile-Aontais lena dtugtar le chéile agus lena dtacaítear le meaitseáil próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas agus folúntais fostaíochta fostóirí **rannpháirteacha agus eintiteas rannpháirteach eile** atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha.

- (4) Spreagtar leis an Moladh ón gCoimisiún maidir le conairí dlíthiúla chun cosanta san Aontas⁷ na Ballstáit chun conairí saothair comhlántacha a chur i bhfeidhm agus tacú leo siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu⁸. D'fhéadfadh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tacú freisin le hoibríochtú na mbealaí comhlántacha.
- (5) Ba cheart é a bheith mar aidhm ag Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tacú leis na Ballstáit rannpháirteacha aghaidh a thabhairt ar scileanna agus ar ghanntanais saothair atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo trí náisiúnaigh tríú tír a earcú a mhéid nach leor gníomhachtú an lucht saothair baile agus na soghluaisteachta laistigh den Aontas chun an cuspóir sin a bhaint amach. Mar uirlis dheonach chun earcaíocht idirnáisiúnta a éascú, ba cheart do Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tacaíocht bhreise a thairiscint ar leibhéal an Aontais do na Ballstáit a bhfuil suim acu ann. Chuige sin, ba cheart comhlántacht agus idir-inoibritheacht le tionscnaimh agus ardáin náisiúnta **agus de chuid an Aontais** atá ann cheana a áirithiú. Ba cheart riachtanais shonracha na mBallstát a chur san áireamh agus Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh á forbairt chun an rannpháirtíocht is forleithne is féidir a áirithiú. Dá bhrí sin, is téarma cuimsitheach é 'Tallann' a thagraíonn don réimse iomlán scileanna a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó mhargaí saothair na mBallstát.

⁷ Moladh (AE) 2020/1364 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2020 maidir le bealaí dlíthiúla cosanta san Aontas: athlonnú, ligean isteach ar fhoras daonnúil agus bealaí comhlántacha eile a chur chun cinn.

⁸ Is bealaí sábháilte agus rialaithe iad 'bealaí comhlántacha' do dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu a chomhlánaíonn athlonnú trí fhanacht dleathach a sholáthar i dtríú tír ina gcomhlíontar a riachtanais maidir le cosaint idirnáisiúnta. Cuireann bealaí saothair comhlántacha ar chumas daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu rochtain a fháil ar bhealaí imirce lucht saothair atá ann cheana, a gcuid scileanna a úsáid, agus cabhrú le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair sna tíortha glactha. Féach freisin: <https://www.unhcr.org/complementary-pathways.html>.

- (6) Tá sé mar aidhm ag Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh seirbhísí a sholáthar d'fhostóirí rannpháirteacha agus d'eintitis rannpháirteacha eile atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha [...]. Is fostóir é fostóir rannpháirteach a bhfuil a chuid folúntas poist curtha ar fáil ar Ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ag Pointe Teagmhála Náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil an fostóir bunaithe. A luaithe a bhainfear na folúntais sin d'Ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, ní mheasfar a thuilleadh gur fostóir rannpháirteach é an fostóir. Féadfar eintitis rannpháirteacha eile a áireamh i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh freisin. Tagraíonn coincheap an eintitis rannpháirtigh eile do ghníomhaireacht oibre sealadaí, do ghníomhaireacht phríobháideach fostaíochta nó d'idirghabhálaí sa mhargadh saothair, a bhfuil a gcuid folúntas poist curtha ar fáil ar Ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ag Pointe Teagmhála Náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil an t-eintiteas rannpháirteach eile bunaithe. A luaithe a bhainfear na folúntais sin d'Ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, ní mheasfar a thuilleadh gur eintiteas rannpháirteach eile é an t-eintiteas eile. Tuigfear gurb í gníomhaireacht oibre sealadaí an téarma a shainmhínítear in Airteagal 3, mír 1(b), de Threoir 2008/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Tuigfear gurb í gníomhaireacht phríobháideach fostaíochta an téarma a shainmhínítear i gCoinbhinsiún EIS 181 ó 1997.
- (6a) Cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha, meastar gur roghnaíodh iad le haghaidh folúntais i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh nuair a thairgtear fostaíocht dóibh a ligeann don chuardaitheoir poist dul i mbun caidreamh fostaíochta sa Bhallstát atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ina bhfuil an fostóir rannpháirteach nó an t-eintiteas rannpháirteach eile bunaithe agus ina n-oibreoidh an cuardaitheoir poist de ghnáth.

- (7) Ba cheart do Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tacú freisin le cur chun feidhme Comhpháirtíochtaí Tallainne **agus creataí náisiúnta maidir le forbairt agus bailíochtú scileanna i dtríú tír.** Tá [...] **Comhpháirtíochtaí Tallainne** ar cheann de na príomhghnéithe de ghné sheachtrach an Chomhshocraithe maidir le hÍmirce agus Tearmann⁹ agus déantar iad a oibriochtú i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le scileanna agus tallann a mhealladh chuig an Aontas¹⁰. Ba cheart rannpháirtíocht Ballstáit sa Chomhpháirtíocht Tallainne a bheith gan dochar dá gcinneadh maidir le rannpháirtíocht i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.
- (8) Chun a áirithiú go ndéanfar ionadaíocht leordhóthanach d'údaráis na mBallstát i nGrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha beirt ionadaithe an ceann a cheapadh, ionadaí amháin ó **réimse** na fostaíochta [...] agus ionadaí amháin ó **réimse na** himirce [...]. **Moltar do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlánfar na hionadaithe sin le beirt chomhaltaí mhalartacha a bheidh in ann ionadaíocht a dhéanamh ar a son nuair a bheidh siad as láthair.**
- (9) Ba cheart ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a fhorbairt trí úsáid a bhaint as bonneagar TF atá faoi úinéireacht an Choimisiúin cheana a mhéid is féidir. D'fhéadfaí an bonneagar TF a forbraíodh faoi chuimsiú EURES a athúsáid i bpáirt le haghaidh ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an cainéal comhordaithe aonair agus an uirlis mheaitseála uathoibrithe le hoiriúnuithe ábhartha [...].
- (10) Ba cheart sineirgí a áirithiú, i gcás inarb iomchuí, idir ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus ionstraimí agus seirbhísí ábhartha eile ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear maidir le rochtain ar ábhair oiliúna, mar shampla Acadamh an Aontais agus an tAcadamh um Eoraip Idir-inoibritheach. Ba cheart ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chur in oiriúint go tapa agus go rialta do chleachtais nua sa teicneolaíocht agus seirbhísí TF úrscothacha a sholáthar trí ghnéithe agus uirlisí nuálacha a thabhairt isteach.

⁹ [COM/2020/609 final](#).

¹⁰ [COM/2022/657 final](#).

(11) Ba cheart formáid na bpróifílí cuardaitheoirí poist agus na bhfolúntas poist a bhunú trí úsáid a bhaint as an aicmiú Eorpach atá ann cheana maidir le gairmeacha beatha, scileanna, inniúlachtaí agus cáilíochtaí (ESCO) mar a fhoráiltear i Rialachán (AE) 2016/589¹¹ lena bhforáiltear do théarmaíocht chaighdeánaithe le haghaidh gairmeacha beatha, scileanna agus inniúlachtaí agus lena n-éascaítear trédhearcacht scileanna agus cáilíochtaí. Ba cheart go dtacódh aicmiú ESCO le cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha, fostóirí **rannpháirteacha agus eintitis rannpháirteacha eile**, agus Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun faisnéis inchomparáide a sholáthar maidir le taithí oibre, gairmeacha a chumhdaítear le folúntas, chomh maith leis na scileanna a thairgeann na cuardaitheoirí poist agus a éilíonn na fostóirí **rannpháirteacha agus eintitis rannpháirteacha eile**, rud a chumasaíonn próiseas meaitseála ar ardchaighdeán. I gcás inarb infheidhme, ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh úsáid a bhaint as formáid ESCO chun folúntais poist a [...] **tharchur** chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Ba cheart do na Ballstáit nach nglacann aicmiú ESCO le haghaidh folúntais náisiúnta poist táblaí mapála a tháirgeadh lena ndéantar comparáid idir an t-aicmiú a úsáidtear sna córais náisiúnta agus aicmiú ESCO ionas go mbeidh idir-inoibritheacht ann. Ba cheart na táblaí mapála a chur ar fáil don Choimisiún agus ba cheart iad a úsáid chun faisnéis maidir le folúntais phoist nó próifílí cuardaitheora poist a thraschódú go huathoibríoch chun críche meaitseála uathoibrithe tríd an ardán coiteann TF.

¹¹ Rialachán (AE) 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Aibreán 2016 maidir le líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES), rochtain oibrithe ar sheirbhísí soghluaisteachta agus comhtháthú breise ar mhargaí saothair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 agus Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 107, 22.4.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/589/oj>).

- (12) Ba cheart tascanna a shannadh do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus do Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun feidhmeanna cuardaigh agus meaitseála ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a áirithiú. Ba cheart na cúraimí sin a mheas mar chúraimí a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail ar gá sonraí pearsanta a phróiseáil lena bhfeidhmiú, dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2018/1725¹², agus Airteagal 6(1), pointe (e) de Rialachán (AE) 2016/679¹³, faoi seach. Ba cheart próiseáil sonraí pearsanta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus Rialachán (AE) 2018/1725 agus Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- (13) Ba cheart an phróiseáil chun críche feidhmeanna cuardaigh agus meaitseála ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a theorannú do shonraí pearsanta is gá chun na cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha [...], fostóirí **rannpháirteacha agus eintitis rannpháirteacha eile** [...], chun cuardach agus meaitseáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chumasú chomh maith le bailiú sonraí chun feidhmiú na linne Tallann a fheabhsú. Níor cheart go gceanglófaí leis sin aon sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2016/679 agus Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1725 a phróiseáil.

¹² Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj>).

¹³ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj>).

- (14) Ba cheart an ceart a bheith ag cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha rogha a dhéanamh [...] chun an rochtain ar a gcuid sonraí pearsanta a shrianadh, mar shampla, trí rochtain ar a gcuid sonraí teagmhála a shrianadh. Ba cheart próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha, [...] fostóirí **rannpháirteacha agus eintitis rannpháirteacha eile** in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh nár úsáideadh le tréimhse 2 bhliain a bhaint go huathoibríoch. Nuair a bhaintear próifílí, d'fhéadfaí leanúint de thacar teoranta sonraí anaithnidithe a stóráil chun críocha taighde agus staidrimh, lena n-áirítear chun críche táirgeadh agus cáilíocht an staidrimh Eorpaigh.
- (15) Gan dochar dá n-oibleagáid ábhair sonraí a chur ar an eolas maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus a gcearta mar ábhair sonraí i gcomhréir le hAirteagail 12 agus 13 de Rialachán (AE) 2016/679 agus Airteagail 14 agus 15 de Rialachán (AE) 2018/1725, ba cheart do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh cuardaitheoirí poist [...], fostóirí **rannpháirteacha agus eintitis rannpháirteacha eile** [...] a chur ar an eolas faoina gcearta chun rochtain ar a gcuid sonraí pearsanta a shrianadh go teicniúil agus a cheangal, tráth ar bith, go ndéanfaí a gcuid sonraí pearsanta a áirítear ina bpróifílí a scriosadh nó a mhodhnú.

(16) Ba cheart do Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh rannchuidiú leis an gcuspóir imirce neamhrialta a dhíspreagadh, lena n-áirítear trí rochtain ar bhealaí dlíthiúla atá ann cheana a éascú. Cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha atá faoi réir cinneadh breithiúnach nó riaracháin lena ndiúltaítear cead isteach nó fanacht i mBallstát nó toirmeasc ar theacht isteach i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴, níor cheart cead a bheith acu a bpróifilí a chlárú in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, ós rud é nach gceadófar dóibh teacht isteach agus fanacht san Aontas. Chuige sin, ba cheart a cheangal ar chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha, sula geláróidh siad a bpróifilí i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, a dhearbhu nach bhfuil siad faoi réir diúltaithe faoi láthair dul isteach nó fanacht i mBallstát nó faoi réir toirmeasc ar theacht isteach i gcríoch an Aontais. Ba cheart faisnéis a sholáthar freisin faoi na hiarmhairtí a bhaineann le dearbhú bréagach a dhéanamh ina leith sin, **lena n-áirítear faoi phróifilí na gcuardaitheoirí poist sin a scriosadh ó ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, le linn na nósanna imeachta inimirce arna ndéanamh ag na Ballstáit, féadfar seiceálacha riachtanacha a dhéanamh i mbunachair sonraí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, mar shampla Córas Faisnéise Schengen, ina bhfuil foláirimh maidir le náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil i dteideal dul isteach i limistéar Schengen nó fanacht ann. Ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, ba cheart faisnéis a sholáthar nach ráthaítear le clárú cuardaitheora poist ó thríú tíortha i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh go ndearnadh seiceálacha slándála.**

¹⁴ Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh IO L 348, 24.12.2008, lch. 98, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2008/115/oj>).

- (17) Ba cheart do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha ar mian leo clárú i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh próifíl a chruthú trí úsáid a bhaint as feidhmiúlacht tógálaí próifíle Europass¹⁵ lena gcumasaítear próifíl saor in aisce a chruthú agus na scileanna, na cáilíochtaí agus an taithí ábhartha eile a thuairisciú in aon suíomh slán amháin ar líne.
- (18) I gcás inar gá, ba cheart aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí agus do bhailíochtú scileanna cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha sna Ballstáit rannpháirteacha arna iarraidh sin don chuardaitheoir poist [...], don fhostóir **rannpháirteach nó do na heintitis rannpháirteacha eile** i gcomhréir leis an dlí agus leis na cleachtais náisiúnta, agus le haon chomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear Socruithe maidir le hAitheantas Frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla. [...] **Ba cheart cúnamh pearsantaithe agus faisnéis ar líne maidir le nósanna imeachta aitheantais agus bailíochtaithe atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta a bheith ar fáil in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh [...] **faisnéis shonrach** a sholáthar **do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a roghnaíodh le haghaidh folúntas poist i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.****

¹⁵ Cinneadh (AE) 2018/646 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le creat coiteann le haghaidh soláthar seirbhísí níos fearr do scileanna agus do cháilíochtaí (IO L 112, 2.5.2018, lch. 42, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2018/646/oj>).

(19) I gcomhthéacs na gComhpháirtíochtaí Tallainne, **féadfaidh** náisiúnaigh tríú tíortha roghnaithe tacaíocht a fháil d'fhorbairt agus do bhailíochtú scileanna [...]. **Féadfaidh an tAontas Eorpach tacaíocht airgeadais a thabhairt don chlár seo um fhorbairt agus bailíochtú scileanna nó féadfaidh sé a bheith mar chuid de thionscnamh déthaobhach nó de chomhaontú déthaobhach Ballstáit i gcomhthéacs na gComhpháirtíochtaí Tallainne.** Féadfar na scileanna a fhorbraítear nó a bhailíochtaítear faoi chuimsiú Comhpháirtíochta Tallainne a dheimhniú de réir na gcoinníollacha a chinnfidh na Ballstáit faoi chuimsiú na Comhpháirtíochta Tallainne ina bhfuil siad rannpháirteach. [...]

(19a) Féadfaidh cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha tacaíocht a fháil freisin trí chreataí náisiúnta maidir le forbairt agus bailíochtú scileanna i dtríú tír. Faigheann na creataí sin tacaíocht airgeadais ó Bhallstát agus/nó ó chistiú ón Aontas lasmuigh de chomhthéacs Comhpháirtíochta Tallainne. Maidir le haitheantas a thabhairt do scileanna a fuarthas i dtríú tír i gcomhthéacs creat náisiúnta mar sin, tá feidhm ag reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit faoi seach.

(20) [...] Ba cheart do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh liosta na dtríú tíortha agus na mBallstát atá rannpháirteach i gComhpháirtíochtaí Tallainne a fhoilsiú ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Ba cheart do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh liosta de chreataí náisiúnta maidir le forbairt agus bailíochtú scileanna i dtríú tír a fhoilsiú freisin, lena n-áirítear na tríú tíortha atá rannpháirteach sna creataí sin, agus faisnéis faoi thacaíocht shonrach a sholáthraítear sna creataí sin, ar roghnaigh na Ballstáit rannpháirteacha iad a nascadh le Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

(21) [...]

(21a) Maidir le cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhain tairbhe as tacaíocht shonrach faoi chuimsiú Comhpháirtíochta Tallainne nó creata náisiúnta maidir le forbairt agus bailíochtú scileanna i dtríú tír, ba cheart iad a bheith in ann a bpróifíl i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a nascadh leis an gComhpháirtíocht Tallainne nó leis an gcreat náisiúnta. Ba cheart a bpróifílí a mharcáil dá réir sin in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Ba cheart d'fhostóirí rannpháirteacha agus d'eintitis rannpháirteacha eile a bheith in ann scagadh a dhéanamh ar phróifílí cuardaitheoirí poist cláraithe a ghlac páirt i gComhpháirtíocht Tallainne nó i gcreat náisiúnta maidir le forbairt agus bailíochtú scileanna i dtríú tír. D'fhéadfadh sé sin fostóirí rannpháirteacha agus eintitis rannpháirteacha eile a spreagadh chun socrúchán poist a thairiscint san Aontas.

(22) **[...]** Ba cheart urraim a thabhairt le gach gníomhaíocht a dhéantar i gcomhthéacs Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh don cheart chun cóir chothrom chomhionann a fháil i ndáil le dálaí oibre, le pá íosta, le rochtain ar chosaint shóisialta, le hoiliúint agus le cosaint daoine óga ag an obair. **Chomh maith leis sin, i gcomhréir [...]** leis [...] **na** prionsabail **i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta**, ba cheart do Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh fostaíocht ardcháilíochta **agus iomaíocht chóir a áirithiú.**

(23) Leagtar amach ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) ina ‘Prionsabail ghinearálta agus treoirlínte oibríochtúla maidir le hearcaíocht chóir’ roinnt caighdeán maidir le cosaint leordhóthanach cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha i gcoinne earcaíocht éagórach. Ba cheart d’fhostóirí **agus d’eintitis eile atá nó a bhí rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh** dlí agus cleachtas infheidhme an Aontais a chomhlíonadh. Ina theannta sin, ba cheart do na fostóirí **rannpháirteacha** agus d’**eintitis rannpháirteacha eile** cóir chomhionann a áirithiú do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha i ndáil le náisiúnaigh na mBallstát rannpháirteach i gcomhréir le Treoir **2024/1233** [...] ¹⁶, Treoir 2014/36/AE ¹⁷, Treoir 2021/1883/AE ¹⁸, agus Treoir 2016/801/AE ¹⁹. I gcomhréir le Treoir 2019/1152/AE ²⁰, ba cheart d’fhostóirí **rannpháirteacha agus d’eintitis rannpháirteacha eile** [...] faisnéis a sholáthar i scríbhinn agus i dteanga **shothuigthe** do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha faoina gcearta agus faoina n-oibleagáidí a eascraíonn as an gcaidreamh fostaíochta ag tús na fostaíochta. Ba cheart an áit agus an cineál oibre, fad na fostaíochta, an luach saothair, na huaireanta oibre, méid aon saoire le pá agus, i gcás inarb infheidhme, dálaí oibre ábhartha eile a áireamh san fhaisnéis sin. Níor cheart d’fhostóir **atá rannpháirteach** ná **d’aon eintiteas eile atá rannpháirteach** aon táillí earcaíochta a ghearradh ná toirmeasc a chur ar oibrí glacadh le post le fostóirí eile, lasmuigh den chlár oibre a chuirtear ar bun leis an

¹⁶ Treoir 2011/98/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh ceadúnas aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar de chearta comhchoiteanna d’oibreoirí tríú tír a chónaíonn go dlíthiúil i mBallstát (IO L 343, 23.12.2011, lgh. 1–9, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2011/98/oj?locale=ga>).

¹⁷ Treoir 2014/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe náisiúnach tríú tír chun críche fostaíochta mar oibrithe séasúracha, IO L 94, 28.3.2014, lch. 375, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2014/36/oj?locale=ga>).

¹⁸ Treoir (AE) 2021/1883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíochta ardháilíochta, agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/50/CE ón gComhairle, IO L 382, 28.10.2021, lch. 1, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2021/1883/oj?locale=ga>).

¹⁹ Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016, maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe le haghaidh náisiúnaigh tríú tír chun críoch taighde, staidéir, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadail oideachais agus obair *au pair* (athmhúnlú), IO L 132, 21.5.2016, lch. 21, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2016/801/oj?locale=ga>).

²⁰ Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach, IO L 186, 11.7.2019, lch. 105, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2019/1152/oj?locale=ga>).

bhfostóir, ná níor cheart dóibh caitheamh go díobhálach le hoibrí má dhéanann sé nó sí amhlaidh. Ba cheart d'fhostóirí rannpháirteacha agus d'eintitis rannpháirteacha eile [...] Treoir 96/71/CE²¹ arna leasú le Treoir 2018/957 agus Treoir 2020/1057 a chomhlíonadh i ngach cás agus oibrithe á bpostú acu faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar, go háirithe maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta a bhunaítear leis sin [...]. Ba cheart d'fhostóirí rannpháirteacha agus d'eintitis rannpháirteacha eile an creat dlíthiúil a leagtar amach sa chásdlí ábhartha a chomhlíonadh freisin, mar shampla, an oibleagáid nach féidir oibrithe tríú tír a phostú chuig Ballstát ach amháin má tá siad fostaíthe go dlíthiúil agus de ghnáth sa Bhallstát iontrála agus ba cheart dóibh reachtaíocht ábhartha an Bhallstáit óstaigh a chur san áireamh freisin.

- (23a) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonfaidh gach fostóir agus eintitis eile atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh dlí agus cleachtas ábhartha an Aontais agus an dlí agus an cleachtas náisiúnta maidir le náisiúnach tríú tír a chosaint ar earcaíocht éagórach agus ar dhálaí oibre neamhleora agus maidir le neamh-idirdhealú. Tá Pointe Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh freagrach as rochtain na bhfostóirí agus na n-eintiteas eile sin atá rannpháirteach nó a bhí rannpháirteach ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a dhiúltú, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar i gcás ina gcuirtear a sárú ar an dlí agus ar an gcleachtas ábhartha in iúl do Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh nár cheart gníomhaireachtaí oibre sealadaí, idirghabhálaithe sa mhargadh saothair agus gníomhaireachtaí fostaíochta príobháideacha a chomhlíon a n-oibleagáidí díchill chuí maidir leis na gnéithe sin, mar a shainítear sa dlí náisiúnta, a chur ar fionraí ná a tharraingt siar ó Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh mar thoradh ar shárú ar dhlí agus ar chleachtas ábhartha an Aontais nó náisiúnta a bheith déanta ag fostóir. Ba cheart imthosca sonracha an Bhallstáit lena mbaineann a chur san áireamh sna bearta sin.

²¹ Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/1996/71/oj?locale=ga>).

(24) Chun meaitseáil ardchaighdeáin a áirithiú, ba cheart do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thrú tíortha agus d'fhostóirí **atá rannpháirteach agus d'eintitis eile atá rannpháirteach** [...] rochtain a fháil ar liosta de phróifílí cuardaitheoirí poist cláraithe agus d'fholúntais phoist chláraithe atá molta bunaithe ar ábharthacht a scileanna, a gcáilíochtaí agus a dtaithe oibre don fholúntas poist atá i gceist. Gintear an liosta le huirilis mheaitseála uathoibrithe ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

(24a) Ba cheart d'fhostóirí rannpháirteacha agus d'eintitis rannpháirteacha eile a ndícheall a dhéanamh iarrthóirí a roghnú go críochnúil agus measúnú tosaigh a dhéanamh ar phróifílí agus ar cháilíochtaí na gcuardaitheoirí poist agus measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht an chuardaitheora poist *vis-à-vis* an folúntas, i ndáil le hearcaíocht chóir.

(25) Ba cheart d'ardán Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh freastal ar riachtanais sheanbhunaithe ar an margadh saothair agus níor cheart dó feidhmiú mar bhealach chun an lucht saothair atá ann cheana a chur as áit nó chun difear diúltach a dhéanamh dó nó chun an bonn a bhaint d'obair chuibhiúil nó d'iomáiocht chóir ar shlí eile. Chun tacú níos fearr le hiarrachtaí na mBallstát chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, ba cheart do Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh díriú ar ghairmeacha sonracha ar gach leibhéal scileanna, bunaithe ar na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe is coitianta san Aontas agus ar na gairmeacha a bhfuil rannchuidiú díreach acu leis na haistrithe glasa agus digiteacha, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Chun na folúntais phoist a oiriúnú do riachtanais shonracha na margaí saothair náisiúnta **agus do bheartais imirce chomh maith**, agus chun liosta na ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghlacadh mar phointe tosaigh, ceadófar do na Ballstáit rannpháirteacha fógra a thabhairt do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh maidir le gairmeacha sonracha ina bhfuil ganntanas oibrithe a chur leis nó a bhaint. **Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach mór coigeartuithe ar liosta na ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais a bheith comhfhreagrach do riachtanais shonracha mhargadh an tsaothair ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach. I gcás riachtanais shonracha réigiúnacha maidir leis an margadh saothair, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go bhfuil Pointe Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh freagrach as na folúntais phoist a scagadh ionas go gcomhfhreagróidh siad don ghné chríochach ábhartha nuair a chuirfear ar fáil iad ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.** Níor cheart go mbeadh tionchar ag na fógraí sin ach ar na meaitseálacha le haghaidh folúntais phoist a thíolacfaidh an Ballstát faoi seach. Níor cheart don liosta de ghairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais ná d'fhógraí na mBallstát difear a dhéanamh do phrionsabal na tosaíochta do shaoránaigh an Aontais **agus, i gcás inarb infheidhme faoin dlí náisiúnta, don scrúdú ar staid an mhargaidh saothair.**

- (26) Ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha faisnéis maidir le Linn Tallainne an Aontais agus maidir lena feidhmiú a chur ar fáil go héasca do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha agus d'fhostóirí **agus eintitis eile a bhfuil spéis acu a bheith rannpháirteach sa Linn Tallainne,** go háirithe maidir le faisnéis faoi na húdaráis inniúla sna Ballstáit rannpháirteacha. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le rannpháirtíocht i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. **Ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha faisnéis a sholáthar ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a mhéid a bhaineann leis na cineálacha eintiteas a bhfuil cead acu folúntais phoist a chur ar fáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.**
- (27) Ba cheart do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a áirithiú go mbeidh faisnéis atá inrochtana go héasca maidir le nósanna imeachta inimirce, aitheantas do cháilíochtaí agus bailíochtú scileanna, cearta **agus oibleagáidí** náisiúnach tríú tír, dálaí maireachtála agus oibre,[...] sásraí sásaimh atá ar fáil i gcás dúshaothrú saothair agus cleachtais earcaíochta éagóracha, **chomh maith le bearta tacaíochta atá ar fáil i gcomhthéacs conairí saothair comhlántacha do chuardaitheoirí poist a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu agus a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas,** sna Ballstáit rannpháirteacha ar fáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh an fhaisnéis ábhartha a sholáthar do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun go bhféadfar í a fhoilsiú ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. **Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann tagairt a dhéanamh d'fhoinsí faisnéise atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais. [...]**

- (28) Ba cheart faisnéis a sholáthraítear ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chur ar fáil i dteangacha oifigiúla na mBallstát rannpháirteach ar a laghad. **Féadfaidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht sásraí a chomhtháthú chun ábhar a aistriú go huathoibríoch i dteangacha eile in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.**
- (29) Ba cheart do Thoscaireachtaí an Aontais Eorpaigh tacú le soláthar faisnéise do chuadaitheoirí poist ó thríú tíortha maidir le Linn Tallainne an Aontais agus maidir lena fheidhmiú agus na Ballstáit atá rannpháirteach inti.
- (29a) Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go bhfuil seirbhísí poiblí fostaíochta mar chuid de Phointe Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus go bhfuil seirbhísí poiblí fostaíochta laistigh de Phointe Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh freagrach as folúntais phoist a chur ar fáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tríd an gcainéal comhordaithe aonair. I gcás ina mbaineann sé le folúntas a chuir an tseirbhís phoiblí fostaíochta ar fáil go poiblí agus mar thoradh air sin gur foilsíodh é ar Thairseach EURES, féadfaidh Pointe Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh folúntais incháilithe poist a chur ar fáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh arna iarraidh sin d'fhostóir nó d'eintiteas eile ar spéis leis a bheith rannpháirteach sa Linn Tallainne.**

(30) [...] **Ba cheart** do Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh [...] **faisnéis chaighdeánaithe shonrach** [...] **a sholáthar do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a roghnaíodh le haghaidh folúntas poist i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, d'fhostóirí rannpháirteacha agus d'eintitis rannpháirteacha eile.** [...] **Ba cheart a áireamh san** fhaisnéis **shonrach faisnéis** maidir le víosaí ábhartha agus ceadanna cónaithe chun críocha oibre sa Bhallstát rannpháirteach lena n-áirítear maidir le cearta agus oibleagáidí náisiúnach tríú tír, mar shampla, rochtain ar shochair shóisialta, cúnamh sláinte, oideachas agus tithíocht. **Ba cheart** [...] faisnéis [...] shonrach a sholáthar freisin maidir le nósanna imeachta athaontaithe teaghlaigh agus cearta ball teaghlaigh, agus bearta atá ann cheana chun comhtháthú a éascú sa Bhallstát óstach, ar nós cúrsaí teanga agus gairmoiliúint. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin freisin **gearáin agus** na sásraí sásaimh atá ar fáil do chásanna dúshaothraithe saothair agus do chleachtais earcaíochta éagóracha sna Ballstáit rannpháirteacha. **Ba cheart do chuardaitheoirí poist cláraithe a roghnaíodh le haghaidh folúntas poist sa Linn Tallainne agus atá incháilithe le bheith rannpháirteach i gconair saothair chomhlántach dóibh siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu sa Bhallstát sin, ba cheart dóibh tairbhe a bhaint as faisnéis shonrach ó Phointe Teagmhála Náisiúnta ábhartha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh lena n-áirítear maidir le doiciméad taistil agus tacaíocht chomhtháthaithe a fháil ar theacht isteach dóibh.** Ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faisnéis a sholáthar d'fhostóirí **atá rannpháirteach agus d'eintitis eile atá rannpháirteach** [...] maidir lena gcearta agus lena n-oibleagáidí a bhaineann le slándáil shóisialta, le bearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair, le cánachas, le saincheisteanna a bhaineann le conarthaí oibre, le teidlíochtaí pinsin agus le hárachas sláinte.

(30a) Ba cheart do na Ballstáit faisnéis chaighdeánaithe shonrach a sholáthar do chuardaitheoirí poist cláraithe a roghnaíodh le haghaidh folúntas poist i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear trí thagairt a dhéanamh d'fhoinsí atá ann cheana. Ina theannta sin, ba cheart do na Pointí Teagmhála Náisiúnta a bheith in ann tagairt a dhéanamh do na foinsí iomchuí faisnéise agus/nó do na húdaráis inniúla.

(31) Chun cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach, ba cheart **cur i bhfeidhm [...] éifeachtach acquis** an Aontais maidir le himirce dhleathach a áirithiú, **go háirithe an reachtaíocht agus na nósanna imeachta, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, d'fhonn cead oibre agus cead cónaithe a fháil i mBallstát chun críoch oibre. Níor cheart don Rialachán seo difear a dhéanamh do cheart na mBallstát líon na náisiúnach tríú tír atá á ligean isteach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 79(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). [...]**

(31a) Is é príomhchuspóir Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tacú le hearcú cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas agus folúntais phoist fostóirí rannpháirteacha agus eintiteas rannpháirteach eile atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha. Dá bhrí sin, ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, ba cheart do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faisnéis shoiléir a sholáthar chun a thabhairt le fios nach ráthaítear le clárú cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ná leis an roghnú le haghaidh folúntais poist trí ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh go n-eiseoidh an Ballstát rannpháirteach ina bhfuil an fostóir rannpháirteach nó an t-eintiteas rannpháirteach eile bunaithe cead oibre, víosa nó cead cónaithe tar éis an phróisis roghnúcháin.

(31b) Ina theannta sin, chun earcú cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas a dhéanamh níos éasca agus níos tapúla d'fhostóirí **rannpháirteacha agus eintitis rannpháirteacha eile**, féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha nósanna imeachta inimirce luathaithe a chur i bhfeidhm go háirithe maidir le **heisiúint** víosaí agus ceadanna cónaithe chun críocha oibre agus maidir le díolúine ó phrionsabal na tosaíochta do shaoránaigh an Aontais **agus/nó na ceanglais maidir le staid an mhargaidh saothair a sheiceáil**. [...] D'fhéadfaí **cleachtais maidir le** cur chun feidhme na nósanna imeachta inimirce luathaithe **sin sna Ballstáit [...]** **a mhalartú** i gcomhthéacs Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

(31c) Ina theannta sin, chun rialacha soghluaisteachta córa a áirithiú, agus an tsaincheist shonrach a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch na n-eintiteas rannpháirteach eile á cur san áireamh, beidh na Ballstáit in ann socrúithe sonracha a eagrú chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíocht na n-eintiteas rannpháirteach eile, arna iarraidh sin do Bhallstát amháin nó níos mó más gá, agus seirbhísí cigireachta más gá, i ndáil le faireachán a dhéanamh ar oibrithe taistil neamh-AE atá i láthair ar a gcríocha.

(32) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon ardán uile-Aontais a bhunú arb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair ar leibhéal an Aontais trí earcú náisiúnach tríú tír chun oibriú i ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais a éascú, a ghnóthú go leordhóthanach i ngeall ar easpa bealaí éifeachtacha agus ar an infheictheacht theoranta ar an leibhéal domhanda, ach gur fearr, de bharr scála na gníomhaíochta, is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

- (33) Chun cuspóirí an Rialacháin seo a chomhlíonadh maidir le hearcaíocht **chóir** idirnáisiúnta a éascú, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun an Rialachán seo a leasú maidir leis an Iarscríbhinn ina soláthraítear liosta de ghairmeacha ina bhfuil ganntanais ar fud an Aontais. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid réamhoibre, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr²². Go háirithe, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (34) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²³.

²² Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

²³ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>).

- (35) [...] Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun na caighdeáin theicniúla maidir le malartú sonraí, formáidí sonraí, formáidí folúntas poist agus formáidí próifilí do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a ghlacadh agus a nuashonrú. Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid freisin chun caighdeáin theicniúla a ghlacadh maidir le glacadh na bhfochatagóirí sonraí pearsanta atá le próiseáil, freagrachtaí rialaitheoirí sonraí, lena n-áirítear rialacha lena rialaítear an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as próiseálaí sonraí nó próiseálaithe sonraí, chomh maith leis na coinníollacha maidir le rochtain a fháil ar shonraí pearsanta agus an rogha atá ar fáil do chuardaitheoirí poist cláraithe srian a chur ar an rochtain ar a gcuid sonraí pearsanta ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.
- (36) Urramaítear leis an Rialachán seo na cearta bunúsacha, agus comhlíontar leis na prionsabail, a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 6 CAE.
- (37) Ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha an Rialachán seo a chur chun feidhme i gcomhréir iomlán le hoibleagáidí uile Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais agus go háirithe gan idirdhealú ar bhonn gnéis, cine, datha, bunadh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teangacha, reiligiúnacha nó creidimh, tuairimí polaitiúla nó aon tuairimí eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh. Ba cheart a áirithiú go n-urramófar dálaí oibre cothroma agus córa agus go gcosnófar daoine óga ag an obair.

- (38) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge atá i gceangal le CAE agus le CFAE, ní bheidh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh sé ina cheangal ar an Danmhairg ná ní bheidh sí faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (39) [...] [I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn [, le litir an **5 Márta 2024**....] gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo].

TAR ÉIS AN RIALACHÁIN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

1. Bunaítear leis an Rialachán seo Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh atá ar fáil do gach Ballstát chun earcú cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas a éascú.
2. Leis an Rialachán seo leagtar rialacha síos maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) na húdaráis atá freagrach as bainistiú agus feidhmiú Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus an comhar eatarthu;
 - (b) feidhmiú ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus seirbhísí tacaíochta gaolmhara;
 - (c) na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le rannpháirtíocht cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha agus fostóirí **agus eintiteas eile** i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;
 - (d) earcú cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha **a bhain tairbhe [...]** as **tacaíocht shonrach faoi chuimsiú** Comhpháirtíocht Tallainne a éascú **nó as creat náisiúnta maidir le forbairt agus bailíochtú scileanna i dtríú tír.**

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas agus maidir le fostóirí **rannpháirteacha agus eintitis rannpháirteacha eile** bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha.

Airteagal 3

Rannpháirtíocht agus tarraingt siar

1. Féadfaidh aon Bhallstát a chinneadh, tráth ar bith, a bheith rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoina chinneadh 9 mí ar a dhéanaí roimh an dáta óna bhfuil sé beartaithe aige a bheith rannpháirteach **agus léireoidh sé na cineálacha eintiteas a gceadaítear dóibh folúntais phoist a chur ar fáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.** Ón gcéad lá rannpháirtíochta, féadfar folúntais fostaíochta fostóirí agus **eintiteas eile** atá bunaithe sa Bhallstát sin **a chur ar fáil ar [...]** ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.
 - 1a. **Féadfaidh Ballstát rannpháirteach a rannpháirtíocht a tharraingt siar ó Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tráth ar bith. Tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoina chinneadh 6 mhí ar a dhéanaí roimh an dáta a bheidh sé ar intinn aige tarraingt siar.**

Ón dáta a thabharfar fógra, ní chuirfear folúntais phoist fostóirí rannpháirteacha agus eintiteas rannpháirteach eile atá bunaithe sa Bhallstát sin ar fáil a thuilleadh ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

Mar thoradh ar tharraingt siar Ballstáit sa chéad 2 bhliain de rannpháirtíocht i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, déanfar glanchealú nó glan-aisghabháil ar gach cistiú ón Aontas a sholáthraítear suas go dtí dáta an tarraingt siar. Tar éis an dara bliain rannpháirtíochta, is é an toradh a bheidh ar tharraingt siar Ballstáit go ndéanfar glanchealú nó glan-aisghabháil ar gach cistiú ón Aontas a íocadh cheana d'aon tréimhse tar éis dháta an tarraingt siar i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.
2. Cuirfear faisnéis faoi na Ballstáit atá rannpháirteach ar fáil go poiblí ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 4

Sainmhínithe

1. Chun críocha an Rialacháin seo beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘Ballstáit rannpháirteacha’ na Ballstáit atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;
- (2) ciallaíonn ‘cuardaitheoir poist ó thríú tír’ duine a bhfuil cónaí air nó uirthi lasmuigh den Aontas nach saoránach de chuid an Aontais é nó í de réir bhrí Airteagal 20(1) CFAE agus a bhfuil fostaíocht á lorg aige nó aici san Aontas;
- (3) [...]

(3a) ciallaíonn ‘fostóir rannpháirteach’ fostóir a bhfuil a chuid folúntas poist ar fáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh arna tharchur ag Pointe Teagmhála Náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil an fostóir bunaithe.

(3b) ciallaíonn ‘eintiteas rannpháirteach eile’ gníomhaireacht oibre sealadaí, gníomhaireacht phríobháideach fostaíochta nó idirghabhálaí sa mhargadh saothair a bhfuil a bhfolúntais ar fáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh arna tharchur ag Pointe Teagmhála Náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil an t-eintiteas rannpháirteach eile bunaithe.

- (4) ciallaíonn ‘próifíl’ an fhaisnéis a sholáthraíonn cuardaitheoir poist ó thríú tír trí fhormáid chaighdeánach sonraí chun críche fostaíochta a lorg trí ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;

- (5) ciallaíonn ‘cainéal comhordaithe aonair’ an tseirbhís TF a chuirtear ar bun chun folúntais phoist a tharchur ó na Ballstáit rannpháirteacha chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh de réir córas aonfhoirmeach agus an bonneagar teicniúil is gá á úsáid.

(5a) ciallaíonn ‘folúntas poist’ tairiscint fostaíochta a ligfeadh don chuardaitheoir poist a roghnaíodh dul i mbun caidreamh fostaíochta sa Bhallstát rannpháirteach ina bhfuil an fostóir rannpháirteach nó an t-eintiteas rannpháirteach eile bunaithe agus ina n-oibreoidh an cuardaitheoir poist de ghnáth;

CAIBIDIL II

OLLSTRUCHTÚR AN CHÓRAIS TF

Airteagal 5

Ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh

1. Bunaítear ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun earcú cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a éascú.
2. Is é a bheidh in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh:
 - (a) an cainéal comhordaithe aonair lena gcumasaítear do na Ballstáit rannpháirteacha [...] folúntais phoist a **tharchur** chuig bunachar sonraí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;
 - (b) an bonneagar teicniúil lena gcuirtear ar chumas bhunachar sonraí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh na folúntais phoist a fháil ó na Ballstáit rannpháirteacha;
 - (c) an bonneagar teicniúil chun próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a bhailiú agus a chothabháil;
 - (d) an bonneagar teicniúil chun a chur ar chumas Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, agus fostóirí **rannpháirteacha agus eintitis rannpháirteacha eile** [...] cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a chuardach agus cur ar chumas na gcuardaitheoirí poist cláraithe folúntais phoist a chuardach;
 - (e) an uirlis mheaitseála uathoibrithe;
 - (f) an cainéal cumarsáide slán chun a chur ar chumas cuardaitheoirí poist cláraithe agus fostóirí **rannpháirteacha** agus **eintiteas rannpháirteach eile** [...] cumarsáid a dhéanamh laistigh d'ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

3. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na caighdeáin theicniúla is gá maidir le malartú sonraí, formáidí sonraí lena n-áirítear ESCO, formáidí folúntas poist agus formáidí próifílí do chuardaitheoirí poist. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22(3).
4. Áiríteoidh na Ballstáit rannpháirteacha agus Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 8 idir-inoibritheacht theicniúil idir córais náisiúnta agus ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Áiríteofar le Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh an comhéadan le hionstraimí agus seirbhísí ábhartha eile arna dtairiscint ar leibhéal an Aontais, i gcás inarb iomchuí.

Airteagal 6

Sonraí pearsanta a phróiseáil

1. Ní fhéadfaidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh sonraí pearsanta cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus sonraí pearsanta fostóirí **rannpháirteacha** agus **eintiteas rannpháirteach eile** [...] a phróiseáil ach a mhéid is gá chun a cúraimí a chomhlíonadh de bhun Airteagal 8. Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil chun na críche sin, feidhmeoidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh mar rialaitheoir sonraí, de réir bhrí Airteagal 3, pointe (8), de Rialachán (AE) 2018/1725.
2. Ní fhéadfaidh Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh sonraí pearsanta fostóirí **rannpháirteacha** agus **eintiteas rannpháirteach eile** [...] agus sonraí pearsanta cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a phróiseáil ach a mhéid is gá chun a chúraimí faoi Airteagal 10 a chomhlíonadh. Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil chun na críche sin, feidhmeoidh Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh mar rialaitheoirí sonraí, de réir bhrí Airteagal 4, pointe 7 de Rialachán (AE) 2016/679.

3. Áireofar i bpróifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha ainm, sloinne, sonraí teagmhála, dáta breithe agus náisiúntacht, faisnéis faoi cháilíochtaí acadúla agus gairmiúla, taithí oibre, scileanna eile agus eolas teanga. Áireofar ainm, sloinne agus sonraí teagmhála i bhfolúntais phoist fostóirí **rannpháirteacha** agus **eintiteas rannpháirteach eile** [...].
4. Cuirfidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus fostóirí **rannpháirteacha** agus **eintitis rannpháirteacha eile** [...]ar an eolas faoi phróiseáil a gcuid sonraí pearsanta agus a gcearta mar ábhair sonraí chomh maith lena gcearta faoi mhíreanna 6 agus 7.
5. Déanfar na sonraí pearsanta atá cláraithe ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh nó a tarchuireadh chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh i gcomhréir leis an Rialachán seo a innéacsú, a stóráil agus a chur ar fáil ansin chun críocha cuardaigh agus meaitseála amháin. Beidh sé de cheart ag cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha [...] rochtain ar a gcuid sonraí pearsanta a shrianadh.
6. Déanfar próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha nach bhfuarthas rochtain orthu ar feadh tréimhse 2 bhliain ó chlárú a bpróifílí a bhaint nó a anaithnidiú agus ní stórálfar aon sonraí pearsanta. Nuair a bhaintear próifílí, d'fhéadfaí leanúint de thacar teoranta sonraí anaithnidithe a stóráil chun críocha taighde agus staidrimh chomh maith le sonraí a bhaint amach chun feidhmiú Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a fheabhsú.

7. Cuirfidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh sonraí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus folúntais phoist fostóirí **rannpháirteacha** agus **eintiteas rannpháirteach eile** [...] ar fáil le haghaidh cuardach agus meaitseáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.
8. Ní bheidh rochtain ar shonraí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha ach ag fostóirí **rannpháirteacha** agus **eintitis rannpháirteacha eile** [...], agus ag Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Beidh sonraí fostóirí **rannpháirteacha agus eintiteas rannpháirteach eile** [...] le feiceáil ag cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha, agus ag Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.
9. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, forálacha breise maidir leis na sonraí pearsanta atá le próiseáil agus atá le háireamh i bhformáidí na bhfolúntas poist agus na bpróifílí cuardaitheoirí poist, freagrachtaí rialaitheoirí sonraí, lena n-áirítear rialacha lena rialaítear an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as próiseálaí sonraí nó próiseálaithe sonraí, chomh maith leis na coinníollacha maidir le rochtain a fháil ar shonraí pearsanta agus an rogha atá ar fáil do chuardaitheoirí poist cláraithe srian a chur ar an rochtain ar a gcuid sonraí pearsanta ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22(3).

CAIBIDIL III

RIALACHAS

Airteagal 7

Struchtúr

1. Is éard a bheidh i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh:
 - (a) rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;
 - (b) grúpa stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;
 - (c) Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;

Airteagal 8

Rúnaíocht TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh

1. Soláthróidh an Coimisiún Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.
2. Beidh freagracht ar an Rúnaíocht as:
 - (a) bainistiú foriomlán ar chúraimí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a áirithiú, lena n-áirítear pleanáil agus comhordú gníomhaíochtaí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;
 - (b) ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a bhunú agus a bhainistiú agus seirbhísí TF gaolmhara is gá chun é a fheidhmiú, go háirithe trí bhonneagar teicniúil atá ar fáil cheana féin a úsáid ar leibhéal an Aontais i gcás inarb ábhartha;
 - (c) faisnéis ábhartha a fhoilsiú maidir le hardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 3([...] 2), Airteagal 10 (2), pointe (f), Airteagal 12[...] (7), Airteagal 14(2) agus Airteagal 15(2);

- (d) cruinnithe Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a ullmhú;
- (e) sonraí ábhartha a bhailiú chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 20;
- (f) cruinnithe rialta de Líonra Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 10 a thionól chun faisnéis agus dea-chleachtais maidir le cur chun feidhme teicniúil ar leibhéal náisiúnta an Rialacháin seo a mhalartú.

Airteagal 9

Grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh

1. Bunaítear Grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Tá Grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh freagrach as:
 - (a) tacaíocht a sholáthar do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus an liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais Eorpaigh á ullmhú de bhun Airteagal 14;
 - (ab) an malartú idir na Ballstáit rannpháirteacha a éascú maidir lena gcoigeartuithe ar an liosta de ghairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais de bhun Airteagal 15 (1);**
 - (b) tacaíocht a thabhairt do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh i dtaobh phleanáil agus comhordú gníomhaíochtaí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;
 - (c) bailiú sonraí atá ábhartha do ghníomhaíochtaí faireacháin Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 20 a éascú;
 - (d) **cleachtais maidir le [...]** cur chun feidhme nósanna imeachta inimirce luathaithe **a phlé** chun earcú cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a éascú de bhun Airteagal 19.

2. Is iad na Ballstáit rannpháirteacha amháin a bheidh ina mbaill de Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. **Ceapfaidh gach Ballstát rannpháirteach beirt ionadaithe, saineolaí amháin i réimse na fostaíochta agus saineolaí amháin i réimse na hinimirce.** Féadfaidh na Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh páirt a ghlacadh i gcrúinnithe Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh mar bhreathnóirí.
3. Tiocfaidh Grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh le chéile dhá uair sa bhliain, nó ar bhonn *ad hoc* nuair is gá. Is é an Coimisiún a chomórfaidh agus a dhéanfaidh cathaoirleacht ar na cruinnithe.
4. Beidh sé de cheart ag ionadaithe na n-eagraíochtaí comhpháirtithe sóisialta [...] ar leibhéal an Aontais a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí i gcrúinnithe Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Déanfaidh Grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ionadaíocht bheirt rannpháirtithe ó cheardchumann agus ionadaíocht bheirt rannpháirtithe ó eagraíochtaí fostóirí a áirithiú. Síneoidh na hionadaithe sin ráiteas i scríbhinn á dhearbhu nach bhfuil siad i staid coinbhleachta leasa.

Airteagal 10

Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh

1. Ainmneoidh gach Ballstát rannpháirteach **eintiteas a ghníomhóidh ina [...]** Phointe Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha go mbeidh **Pointe Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh comhdhéanta de shaineolaithe a thagann ó údaráis náisiúnta ábhartha ó réimse na fostaíochta agus na hinimirce [...]. I gcás inarb ábhartha, féadfaidh Pointe Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh brath ar údaráis inniúla náisiúnta eile chun cúraimí atá leagtha amach i mír 2 a chomhlíonadh.**
2. Beidh Pointe Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh freagrach as an méid seo a leanas:
 - (a) feidhmiú ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a éascú ar an leibhéal náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 5;

- (b) folúntais poist [...] **a chur ar fáil** [...] **ar** ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tríd an gcainéal comhordaithe aonair [...];
- (c) **i gcás inarb ábhartha**, fógra a thabhairt do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faoi [...] aon [...] choigeartuithe ar liosta na ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais de bhun Airteagal 15;
- (d) clárlann a choinneáil d'fhostóirí **rannpháirteacha agus eintitis rannpháirteacha eile** [...];
- (e) rochtain na bhfostóirí **agus na n-eintiteas eile sin atá rannpháirteach nó a bhí rannpháirteach** ar **ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a dhiúltú**, a chur ar fionraí **nó a tharraingt siar** [...] i gcás ina [...]gcuirfidh na húdaráis náisiúnta ábhartha atá freagrach as an dlí agus an cleachtas ábhartha a fhorfheidhmiú **a** sárú ar an dlí agus ar an geleachtas ábhartha de bhun Airteagal 13(3) in iúl do Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh **agus na folúntais phoist ghaolmhara a bhaint d'ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh**;

- (f) faisnéis a sholáthar do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh **de bhun Airteagal 17(1) [...]**, agus sonraí ábhartha chun faireachán a dhéanamh ar Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh mar a leagtar amach in Airteagal 20;
- (g) seirbhísí **sonracha** faisnéise [...] a sholáthar do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha **a roghnaíodh le haghaidh folúntais poist i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh** agus d'fhostóirí **rannpháirteacha agus eintitis rannpháirteacha eile** i gcomhréir le hAirteagal 17(2).
3. Déanfaidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ó gach Ballstát rannpháirteach a chomóradh go rialta i Línra na bPointí Teagmhála Náisiúnta chun faisnéis agus dea-chleachtais maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a mhalartú.

CAIBIDIL IV
CUARDAITHEOIRÍ POIST Ó THRÍÚ TÍORTHA A CHLÁRÚ AGUS
RANNPHÁIRTÍOCHT FOSTÓIRÍ AGUS EINTITEAS EILE I LINN
TALLAINNE AN AONTAIS EORPAIGH

Airteagal 11

Clárú agus rochtain cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha

1. **Cruthóidh** cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bpróifílí [...] trí thógálaí próifíle Europass chun clárú ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.
2. Beidh rochtain ar phróifíl a chlárú in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh teoranta do dhaoine a dhearbhaíonn go sainráite nach bhfuil siad faoi réir cinneadh breithiúnach nó riaracháin lena ndíulthaítear dul isteach nó fanacht i mBallstát i gcomhréir lena dhlí náisiúnta nó le toirmeasc ar theacht isteach i gcríoch an Aontais i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE.
Cuardaitheoirí poist a rinne dearbhú bréagach ina leith sin, bainfear a bpróifílí d'Ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.
3. Beidh próifílí cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha atá cláraithe i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh le feiceáil ag fostóirí **rannpháirteacha agus ag eintitis eile rannpháirteacha** [...].
4. Féadfaidh cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha atá cláraithe in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh folúntais a chuardach.

**Clárú próifíle agus rochtain cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha i gcomhthéacs
Comhpháirtíochtaí Tallainne agus creataí náisiúnta maidir le forbairt agus bailíochtú
scileanna i dtríú tír**

1. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha atá rannpháirteach i gComhpháirtíocht Tallainne **nó a bhfuil creataí náisiúnta maidir le forbairt agus bailíochtú scileanna i dtríú tír á gcur chun feidhme acu,** a chinneadh brath ar Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun earcú cuardaitheoirí poist ón tríú tír sin [...] a éascú.
 2. [...] **Cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhain tairbhe as tacaíocht shonrach faoi chuimsiú Comhpháirtíocht Tallainne, féadfaidh siad a bpróifíl a nascadh leis an gComhpháirtíocht Tallainne agus na scileanna a forbraíodh agus a bailíochtaíodh sa chomhthéacs sin a chur in iúl. Déanfar na próifílí sin a mharcáil dá réir ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.**
 3. [...] **Cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhain tairbhe as creataí náisiúnta maidir le forbairt agus bailíochtú scileanna i dtríú tír, féadfaidh siad a bpróifíl a nascadh leis na creataí sin agus na scileanna a forbraíodh agus a bailíochtaíodh sa chomhthéacs sin a chur in iúl. Déanfar na próifílí sin a mharcáil dá réir ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.** [...]
- [...]

[...]

4. [...]

5. [...]

6. [...]

7. **Foilseoidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh** liosta na dtríú tíortha agus na mBallstát rannpháirteach atá rannpháirteach i gComhpháirtíocht Tallainne **ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh** [...]. **Foilseoidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh freisin, ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, liosta de chreataí náisiúnta maidir le forbairt agus bailíochtú scileanna i dtríú tír, lena n-áirítear na tríú tíortha atá rannpháirteach sna creataí sin, agus faisnéis faoi thacaíocht shonrach a sholáthraítear sna creataí sin, ar roghnaigh na Ballstáit rannpháirteacha iad a nascadh leis an Linn Tallainne.**

Rannpháirtíocht fostóirí agus eintiteas eile i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh

1. [...] Fostóirí agus eintitis eile ar spéis leo a bheith rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, iarrfaidh siad ar Phointe Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh sa Bhallstát ina bhfuil siad bunaithe a bhfolúntais poist [...] a chur ar fáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.
2. Cuirfidh [...] Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh [...] folúntais poist ar fáil ar [...] ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, ar folúntais iad[...]

[...] a thagann faoin liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais Eorpaigh a leagtar amach in Airteagal 14 agus de na coigeartuithe [...] ar an liosta de bhun Airteagal 15(1) nó de na folúntais poist sin atá ábhartha do [...] na Comhpháirtíochtaí Tallainne agus do na creataí náisiúnta maidir le forbairt agus bailíochtú scileanna i dtríú tír a liostaítear ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;

[...]

Beidh cur ar fáil folúntas poist ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh gan dochar do phrionsabal na tosaíochta do shaoránaigh an Aontais ná don tseiceáil ar staid mhargadh an tsaothair.

3. **Comhlíonfaidh** fostóirí **agus eintitis eile atá rannpháirteach nó a bhí rannpháirteach inti** [...] dlí agus cleachtas ábhartha an Aontais agus an dlí agus an cleachtas náisiúnta [...] **i ndáil le** cosaint náisiúnach tríú tír i gcoinne earcaíocht éagórach agus dálaí oibre neamhleora [...] chomh maith le neamh-idirdhealú. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha coinníollacha breise a thabhairt isteach maidir le rannpháirtíocht na bhfostóirí **agus na n-eintiteas eile** i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun a áirithiú go gcomhlíonfar cleachtais náisiúnta ábhartha eile, comhaontuithe comhchoiteanna agus na prionsabail agus na treoirlínte atá leagtha amach ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, i gcomhréir le dlí an Aontais.

Ní ghearrfaidh fostóirí **rannpháirteacha ná eintitis eile rannpháirteacha** [...] táillí ar chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha chun críche na hearcaíochta.

4. Beidh folúntais phoist fostóirí **rannpháirteacha agus eintiteas eile rannpháirteach** [...] le feiceáil ag cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

Scoirfidh folúntais poist, lom láithreach, de bheith le feiceáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh i gcás:

- a) **iarraidh arna déanamh ag an bhfostóir rannpháirteach nó ag eintiteas rannpháirteach eile ar an bPointe Teagmhála Náisiúnta go mbainfí aon cheann nó gach ceann dá bhfolúntais phoist arna gcur ar fáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ag na Pointí Teagmhála Náisiúnta agus Airteagal 13(1) á chur i bhfeidhm;**
- b) **fógra ón bhfostóir rannpháirteach nó ó eintiteas rannpháirteach eile chuig an bPointe Teagmhála Náisiúnta go bhfuil earcú cuardaitheora poist cláraithe curtha i gcrích go rathúil acu le haghaidh folúntas ar leith, i gcomhréir le hAirteagal 13(5);**

- c) easpa meaitseála le cuardaitheoir poist cláraithe ar feadh tréimhse bliana;
- d) fógra chuig an gCoimisiún arna thabhairt ag an mBallstát ina bhfuil an fostóir rannpháirteach sin nó an t-eintiteas rannpháirteach eile sin bunaithe chun a rannpháirtíocht a tharraingt siar ó Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir le hAirteagal 3(1a). Scoirfidh na folúntais sin de bheith le feiceáil ón dáta a tharraingeoidh an Ballstát sin siar, ar a dhéanaí;
- e) cinneadh arna dhéanamh ag an bPointe Teagmhála Náisiúnta rochtain fostóra rannpháirtigh nó eintitis rannpháirtigh eile a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, agus aon cheann nó gach ceann dá bhfolúntais phoist a bhaint d'ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir le hAirteagal 10(2), pointe (e).
- f) na gairmeacha ábhartha a bhaint i gcás coigeartuithe ar an liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 15.
5. Cuirfidh fostóirí rannpháirteacha agus eintitis eile rannpháirteacha [...] in iúl, gan moill mhíchuí, in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, gur éirigh leo earcú cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a chur i gcrích don fholúntas poist ar leith. Scoirfidh próifílí na gcuardaitheoirí poist cláraithe sin agus na bhfolúntais phoist chomhlíonta de bheith le feiceáil go huathoibríoch in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir le mír (4b).
6. Cuirfidh na húdaráis náisiúnta atá freagrach as an dlí agus as an gcleachtas ábhartha sna Ballstáit rannpháirteacha Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ar an eolas láithreach maidir le haon sárúithe ar fhorálacha an dlí agus an chleachtais ábhartha a leagtar amach i mír 3 chun críocha Airteagal 10(2), pointe (e).

Airteagal 14

Liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais Eorpaigh

1. Chun críche an Rialacháin seo, leagtar amach san Iarscríbhinn liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais Eorpaigh ar leibhéal 4-dhigit ISCO-08.

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 21 chun an Iarscríbhinn a leasú, i gcomhréir leis na critéir seo a leanas:

- (a) gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe is coiteann do líon suntasach Ballstát rannpháirteach mar a chuir Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh in iúl do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 10(2)(c);
 - (b) gairmeacha a chuireann go díreach le haistriú glas agus le haistriú digiteacha an Aontais agus ar dócha go dtiocfaidh méadú ar a dtábhacht.
2. Foilseoidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh an liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais Eorpaigh ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

Coigeartuithe [...] ar an liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais Eorpaigh

1. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha a chinneadh gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe a chur leis ar leibhéal 4-dhigit ISCO-08, chun a riachtanais shonracha sa mhargadh saothair **ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, nó cuspóirí a mbeartas imirce**, a shásamh. Féadfaidh siad a chinneadh freisin gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais Eorpaigh a bhaint den liosta i gcás nach bhfreagraíonn na gairmeacha sin dá riachtanais shonracha sa mhargadh saothair **ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, ná do chuspóirí a mbeartas imirce**. Ní dhéanfaidh na coigeartuithe tírshonracha difear ach do mheaitseáil folúntas sa Bhallstát lena mbaineann.

Tabharfaidh Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh de chuid na mBallstát a thugann fógra faoina rannpháirtíocht i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 3 fógra faoi aon ghairmeacha breise a chuirtear leis an liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais Eorpaigh nó faoi aon ghairmeacha a bhaintear den liosta sin, 3 mhí ar a dhéanaí sula rachaidh siad isteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

Tabharfaidh Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh de chuid na mBallstát rannpháirteach fógra faoi aon ghairmeacha breise a chuirtear leis an liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais Eorpaigh nó faoi aon ghairmeacha a bhaintear den liosta sin, laistigh de 3 mhí tar éis na leasuithe ar an Iarscríbhinn.

Féadfaidh Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh fógra a thabhairt do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, **gach 6 mhí**, faoi aon ghairmeacha breise a chuirtear leis an liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais Eorpaigh nó faoi aon ghairmeacha a bhaintear den liosta sin, ina dhiaidh sin arís [...].

2. Foilseoidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh na coigeartuithe ar liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais Eorpaigh ar thug Pointí Teagmhála um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh fógra ina leith ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.
3. [...] **Cuirfidh** Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh **ar fáil ar** ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh na folúntais phoist sin amháin a chomhfhreagraíonn don liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais Eorpaigh agus na coigeartuithe dá dtagraítear i mír 1 á gcur san áireamh.

Cuardach agus meaitseáil

1. Féadfaidh fostóirí **agus eintitis eile** atá rannpháirteach in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a chuardach in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.
2. Féadfaidh fostóirí **rannpháirteacha agus eintitis rannpháirteacha eile [...]** scagairí sonracha atá ar fáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a úsáid chun próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe a chuardach, **ar cuardaitheoirí poist iad a bhain tairbhe as tacaíocht shonrach faoi chuimsiú Comhpháirtíocht Tallainne nó as creat náisiúnta maidir le forbairt agus bailíochtú scileanna i dtríú tír [...]**.
3. Féadfaidh fostóirí **rannpháirteacha agus eintitis rannpháirteacha eile [...]** rochtain a fháil ar liosta de phróifílí cuardaitheoirí poist cláraithe molta arna nginiúint ag an uirlis mheaitseála uathoibríoch agus bunaithe ar ábharthacht a scileanna, a gcáilíochtaí agus a dtaithe oibre don fholúntas poist.
4. Féadfaidh cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha folúntais phoist a chuardach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus rochtain a fháil ar liosta d'fholúntais phoist ábhartha mholta arna nginiúint ag an uirlis mheaitseála uathoibríche.
5. **Rialófar feidhmiú na huirlise meaitseála uathoibríche le prionsabail an neamh-idirdhealaithe, na dlíthiúlachta agus na cothroime.**

CAIBIDIL V
SOLÁTHAR FAISNÉISE, [...] ÉASCÚ GEARÁN AGUS NÓSANNA
IMEACHTA INIMIRCE LUATHAITHE

Airteagal 17

Soláthar faisnéise [...]

1. Cuirfidh na Ballstáit rannpháirteacha faisnéis maidir le Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus maidir lena feidhmiú ar fáil go héasca. **Cuirfidh na Ballstáit rannpháirteacha faisnéis ar fáil ar bhealach atá inrochtana go héasca a mhéid a bhaineann leis na heintitis a bhfuil cead acu folúntais phoist a chur ar fáil ar Ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 3(1).**

Cuirfidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, le tacaíocht ó Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, an fhaisnéis seo a leanas ar fáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh:

- a) faisnéis maidir le nósanna imeachta earcaíochta agus inimirce, aitheantas do cháilíochtaí agus bailíochtú scileanna, cearta náisiúnach tríú tír, lena n-áirítear maidir leis na sásraí sásaimh atá ar fáil chomh maith le faisnéis maidir le dálaí maireachtála agus oibre sna Ballstáit rannpháirteacha;
- b) míniú soiléir a thabhairt do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha má tá siad faoi réir cinneadh breithiúnach nó riaracháin lena ndiúltaítear an dul isteach nó fanacht i mBallstát nó má tá siad faoi réir toirmeasc ar theacht isteach i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, toirmiscfear a dteacht isteach i gcríoch na mBallstát uile agus fanacht iontu.

(ba) míniú soiléir nach ráthaítear le clárú cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh go ndearnadh seiceálacha slándála.

(bb) míniú soiléir nach ráthaítear le clárú cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ná leis an roghnú le haghaidh folúntais poist trí Ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh go n-eiseoidh an Ballstát rannpháirteach ina bhfuil an fostóir rannpháirteach nó ina bhfuil an t-eintiteas eile rannpháirteach bunaithe cead oibre, víosa nó cead cónaithe tar éis an phróisis roghnúcháin.

(bc) míniú soiléir nach ngearrfaidh fostóirí rannpháirteacha ná eintitis rannpháirteacha eile táillí ar chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha chun críche na hearcaíochta.

2. [...] Soláthróidh Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh **faisnéis shonrach chaighdeánaithe** [...] do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha **a roghnaíodh le haghaidh folúntais poist i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh,** d'fhostóirí **rannpháirteacha agus d'eintitis rannpháirteacha eile** [...], go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) [...] nósanna imeachta náisiúnta inimirce chun víosaí agus ceadanna cónaithe a fháil chun críocha oibre tar éis an phróisis roghnúcháin;

(b) [...] nósanna imeachta athaontaithe teaghlaigh agus cearta ball teaghlaigh;

- (c) [...] cearta agus oibleagáidí náisiúnach tríú tír lena n-áirítear **dálaí oibre**, rochtain ar shochair shóisialta, cúnamh sláinte, oideachas, tithíocht, aitheantas do cháilíochtaí agus [...] **na sásraí sásaimh atá ar fáil agus an sásra gearáin** de bhun Airteagal 18;
- (d) [...] comhtháthú náisiúnach tríú tír sa Bhallstát óstach **a éascú** mar shampla cúrsaí teanga, gairmoiliúint agus oideachas chomh maith le bearta comhtháthaithe eile;
- (e) i gcás ina bhfuil siad ar fáil, **agus i gcomhréir leis an gcleachtas náisiúnta**, sonraí teagmhála na n-eagraíochtaí **inniúla náisiúnta** sin a bhfuil cúnamh iar-earcaíochta á thairiscint acu do náisiúnaigh tríú tír.

[...]

Airteagal 18

Éascú gearán

1. [...] **Beidh de cheart ag cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tír a thuairisciú do Phointí Teagmhála Náisiúnta i gcás ina ndéanann fostóirí agus eintitis eile atá nó a bhí rannpháirteach sárú ar bith ar na hoibleagáidí agus ar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 13(3).**

Cuirfidh an Pointe Teagmhála Náisiúnta na gearáin ar aghaidh chuig na húdaráis inniúla náisiúnta.

[...].

Airteagal 19

Nósanna imeachta inimirce luathaithe

1. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha a chinneadh, **i gcomhréir leis an dlí náisiúnta,** nósanna imeachta inimirce luathaithe a chur i bhfeidhm chun earcú níos tapúla a dhéanamh ar chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a roghnaíodh le haghaidh folúntais poist i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

[...]

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 20

Gníomhaíochtaí faireacháin

1. Déanfaidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faireachán rialta ar fheidhmíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 8(2), pointe (e). Go háirithe, baileofar sonraí maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) líon agus cineál próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha atá cláraithe in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;
 - (b) líon agus cineál na bhfolúntas poist [...] **a chuirtear ar fáil ar** ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;
 - (c) líon na gcuariteanna ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;
 - (d) líon agus cineál na socrúchán poist arna n-éascú trí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;
 - (e) [...]
 - (f) líon na socrúchán **poist** arna n-éascú trí **Ardán TF** Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh i gcomhthéacs na gComhpháirtíochtaí Tallainne **nó na gcreataí náisiúnta maidir le forbairt agus bailíochtú scileanna i dtríú tír.**
2. Bunóidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh an bailiúchán sonraí de réir na gcoincheap agus na sainmhínithe staidrimh agus malartóidh sí faisnéis agus sonraí leis an gCoimisiún chun críche cáilíocht na sonraí arna mbailiú faoin Rialachán seo agus táirgeadh agus cáilíocht an staidrimh Eorpaigh.

3. Baileoidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh na sonraí dá dtagraítear i mír 1 le tacaíocht ó Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus ó Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.
4. **Déanfaidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faireachán rialta ar fheidhmíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus an t-aiseolas agus an taithí arna mbailiú as measc cuardaitheoirí poist agus fostóirí rannpháirteacha agus eintitis rannpháirteacha eile á gcur san áireamh.**

Airteagal 21

An tarmligean a fheidhmiú

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 14 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Dréachtóidh an Coimisiún tuarascáil maidir leis an tarmligean cumhachta tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na chéad tréimhse 5 bliana. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 14 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Beidh feidhm aige an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlahtar de bhun Airteagal 14 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 22

Nós imeachta coiste

1. Beidh Coiste a bhunaítear leis an Rialachán seo de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 23

Tuairisciú

1. Faoi 31.12.2031 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Déanfar measúnú sa tuarascáil, go háirithe, ar éifeachtacht an Rialacháin seo maidir le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna sna Ballstáit rannpháirteacha agus ar éifeachtacht an phróisis earcaíochta, lena n-áirítear ó thaobh cleachtais earcaíochta chothroma a áirithiú, agus urraim do dhálaí oibre cothroma agus córa.

Airteagal 24

Teacht i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit rannpháirteacha i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

IARSCRÍBHINN

Liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibríthe ar fud an Aontais Eorpaigh

Cód ISCO	Gairm
2142	Innealtóirí sibhialta
2151	Innealtóirí leictreacha
2211	Liachleachtóirí ginearálta
2212	Liachleachtóirí speisialaithe
2221	Gairmithe altranais
2411	Cuntasóirí
2511	Anailísithe córas
2512	Forbróirí bogearraí
2513	Forbróirí gréasáin agus ilmheán
2514	Ríomhchláraitheoirí feidhmchlár
2519	Forbróirí agus anailísithe bogearraí nó feidhmchlár nach n-aicmítear in áit ar bith eile
3113	Teicneoirí innealtóireachta leictirí
3221	Gairmithe meánleibhéil altranais
5120	Cócairí
5131	Freastalaithe
5321	Cúntóirí cúraim sláinte

7112	Bríceadóirí agus oibrithe eile den chineál sin
7114	Oibrithe leagtha coincríte, bailchríochnaitheoirí coincríte agus oibrithe eile den chineál sin
7115	Siúinéirí agus saoir adhmaid
7121	Díonadóirí
7123	Pláistéirí
7126	Pluiméirí nó feisteoirí píopaí
7127	Meicneoirí aerchóiriúcháin agus cuisniúcháin
7212	Táthairí agus gearrthóirí le lasair
7213	Oibrithe miotail leatháin
7214	Ullmhaitheoirí agus ardaitheoirí miotail struchtúraigh
7223	Feisteoirí agus oibreoirí uirlisí innealra miotalóireachta
7231	Meicneoirí agus deisitheoirí mótarfheithiclí
7233	Meicneoirí agus deisitheoirí innealra talmhaíochta nó innealra thionsclaíoch
7411	Leictreoirí foirgneamh agus leictreoirí eile den chineál sin
7412	Meicneoirí agus feisteoirí leictreacha
7511	Búistéirí, ceannaithe éisc agus ullmhaitheoirí bia eile den chineál sin
8331	Tiománaithe bus agus tram
8332	Tiománaithe trucaile troime agus leoraí
9112	Glantóirí agus cúntóirí in oifigí, in óstáin agus in áitribh eile
3119	Teicneoirí eolaíochta fisicí agus eolaíochta innealtóireachta nach n-aicmítear in áit ar bith eile

2143	Innealtóirí comhshaoil
2133	Gairmithe cosanta comhshaoil
2145	Innealtóirí ceimiceacha
2144	Innealtóirí meicniúla
3115	Teicneoirí innealtóireachta meicniúla
2141	Innealtóirí tionsclaíocha agus innealtóirí táirgeachta
